



Polasaí Soláthair Ógras 2024

Sa chaipéis seo, leagtar amach na céimeanna atá le leanúint agus próiseas cuí iomaíoch a reáchtáil de réir rialacha an AE agus rialacha naisiúnta. Tá an polasaí seo ag teacht leis na treoirlínte atá leagtha amach san Acht Um Sholáthar Rialtais, Treoirlínte le haghaidh Ábhar agus Seirbhísí; *Leagán 3: Foilsithe Deireadh Fómhair 2023* agus leis na treoirlínte athbhreithnithe a dhréachtaigh an tAonad um Polasaí Naisiúnta Soláthair Phoiblí, sa Roinn Airgeadais, i gcomhairliúchán leis an Choiste Rialtais agus le rannpháirtithe eile sa mhargadh soláthair poiblí.

Tuigimid go bhfuil sé iontach tábhachtach feidhm an tsolatháir poiblí a chur i gcrích go hionraic, go cothrom agus sa dóigh go bhfaighfear an luach is fearr ar airgeadpoiblí. Beidh cleachtais chothroma, oscailte in úsáid i gcónaí againn – córas tairiscintí iomaíocha san áireamh - agus conarthaí á mbronnadh mar chuid d'obair na heagraíochta.

Deanfaidh baill foirne na bun fhiosruithe agus gheobhaidh siad meastacháin a bheidh le haontú ansin leis an Stiurthóir nó/agus an Cathaoirleach. Cuirfear an Bord Stiúrtha ar an eolas faoi mheastacháin atá níos mó na €5,000 /£4,500 agus tabharfaidh an Bord cuidiú don Stiurthóir an cinneadh deiridh a dhéanamh.

Is iad na gnáthaimh sholáthair seo a leanas (nó a gcomhionann) a bheidh i bhfeidhm, ag brath ar luach measta an chonartha (CBL san áireamh) ag an chéim réamh thairisceana. Léireoimid go bhfuil an luach is fearr ar airgead a fháil i gcónaí agus coinneoidimid taifid a sheasfaidh leis na cinntí a dhéanfaimid. Deanfar de réir na ngnáthamh seo a leanas i ngach cás.

Luach Measta	An Gníomh Tairisceana atá le Déanamh
Faoi €500 / £450	Níl aon mheastachán de dhith.
€501/£451 suas go €1000/£850	Meastachán aonair ó bhéal
€1,001/€851 suas go €5,000 / £4,500	Ar a laghad tri mheastachán ó bhéal le ríomhphost ag deimhniú an méid a bhí luaite
€5,001 / £4501 suas go €15,000 / £13,000	Ar a laghad tri mheastachán scríofa, bunaithe ar shonraíocht shoiléir scríofa ar a bhfuil ag teastáil
€15,001 / £13,001 suas go €50,000 / £45,000	<i>Gnáth chleachtas ná go leantar an treoir atá foilsithe ag an am, ag Oifig Um Sholáthar Rialtais</i>
€50,001 / €45,001 agus os a chionn	<i>Gnáth chleachtas ná go leantar an treoir atá foilsithe ag an am, ag Oifig Um Sholáthar Rialtais</i>

Sínú:

Máire Ní Dheáráil

Stiúrthóir Ógras

Dáta: 26 Eanáir 2024